



BEARTAS IOMAÍOCHTA

Is é is príomhchuspóir le rialacha iomaíochta an Aontais feidhmiú cuí mhargadh inmheánach an Aontais a chumasú mar phríomhspreagadh do dhea-bhail shaoránaigh, ghnólachtaí agus shochoaí an Aontais trí chéile. Chuige sin, tá rialacha ar áireamh sa Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh (CFAE) arb é is aidhm leo srianta agus saobhadh ar iomaíocht sa mhargadh inmheánach a chosc. Go sonrach, déantar é sin trí thoirmeasc a chur ar chomhaontuithe frithiomaíocha idir gnóthais agus ar mhí-úsáid a bheith á bhaint ag gnóthais cheannasacha as a seasamh ar an margadh, ar nithe iad a d'fhéadfadh dochar a dhéanamh don trádáil idir na Ballstáit. Thairis sin, déanann an Coimisiún Eorpach ('an Coimisiún') faireachán ar chumaisc agus táthcheangail lena ngabhann gné AE agus is féidir iad a chosc más amhlaidh go mbeidís ina siocair le laghdú suntasach ar iomaíocht. Thairis sin, tá toirmeasc ar státchabhair do ghnóthais nó táirgí nuair a bhíonn saobhadh ar an margadh dá barr, ach is féidir í a údarú i gcásanna áirithe. Tá feidhm freisin, faoi réir eisceachtaí áirithe, ag rialacha iomaíochta maidir le gnóthais phoiblí, seirbhísí poiblí agus seirbhísí leasa ghinearálta.

BUNÚS DLÍ

- Airteagal 101 go hAirteagal 109 CFAE agus Prótacal Uimh. 27 maidir leis an margadh inmheánach agus iomaíocht, ina soiléirítear gur dlúthchuid den mhargadh inmheánach é córas iomaíochta córa, mar a leagtar amach in Airteagal 3(3) CFAE;
- An Rialachán um Chumaisc (Rialachán (CE) Uimh. 139/2004 ón gComhairle agus a rialacha cur chun feidhme (Rialachán (CE) Uimh. 802/2004 ón gCoimisiún)
- Airteagail 37, 106 agus 345 CFAE i gcás gnóthais phoiblí agus Airteagail 14, 59, 93, 106, 107, 108 agus 114 CFAE i gcás seirbhísí poiblí, seirbhísí leasa ghinearálta agus seirbhísí leasa eacnamaíoch ghinearálta; Prótacal Uimh. 26 maidir le seirbhísí leasa ghinearálta; Airteagal 36 den Chairt um Chearta Bunúsacha.

CUSPÓIRÍ

Is é is bunchuspóir le rialacha iomaíochta an Aontais feidhmiú cuí an mhargaidh inmheánaigh a áirithiú. A bhuí le hiomaíocht éifeachtach, is féidir le gnólachtaí dul san iomaíocht ar bhonn cothrom ar fud na mBallstát agus, san am céanna, cuirtear brú orthu tréaniarracht a dhéanamh go leanúnach ar na táirgí is fearr is féidir a thairiscint do na tomhaltóirí ar na praghsanna is fearr is féidir. Spreagtar nuálaíocht agus fás eacnamaíoch fadtéarmach dá réir sin. Is príomhionstraim é an beartas iomaíochta, dá



bhrí sin, chun margadh inmheánach atá saor agus dinimiciúil a bhaint amach agus chun an dea-bhail eacnamaíoch i gcoitinne a chur chun cinn. Tá feidhm freisin ag beartas iomaíochta an Aontais maidir le gnólachtaí nach gnólachtaí de chuid an Aontais iad agus a bhíonn ag feidhmiú sa mhargadh inmheánach.

Bíonn dúshlán nua le sárú de shíor ag beartas iomaíochta an Aontais i ngeall ar athruithe sochaíocha, eacnamaíocha, geopholaitiúla agus teicneolaíocha. Cuireann a leithéid d'fhorbairtí nua d'iallach ar an lucht ceaptha beartais measúnú a dhéanamh an bhfuil uirlisí éifeachtacha á soláthar i gcónaí leis an mbosca uirlisí um an mbeartas iomaíochta chun an cuspóir uileghabhálach atá leis a bhaint amach nó an gá é a choigeartú. Tá athbhreithniú cuimsitheach ar rialacha an Aontais in aghaidh trustaí agus ar na rialacha maidir le cumasc agus le státchabhair^[1] á ullmhú ag an gCoimisiún Eorpach nua, a chuaigh i gceann a chúraimí i mí na Nollag 2019. Thairis sin, bhí dúshlán ar leith ag gabháil le paidéim COVID-19 do ghnólachtaí, do thomhaltóirí agus don gheilleagar trí chéile, agus bhí raon beart ag teastáil i réimse na hiomaíochta chun freagairt leormhaith ar na dúshlán sin a chumasú.

UIRLISÍ BEARTAIS IOMAÍOCHTA

Tríd is tríd, áirítear leis an mbosca uirlisí um beartas iomaíochta an Aontais rialacha in aghaidh trustaí agus rialacha maidir le rialú cumasc, le státchabhair agus le gnóthais agus seirbhísí poiblí. Is é is aidhm leis an gcraobh in aghaidh trustaí dálaí iomaíocha a athbhunú dá mba rud é go mbeadh iompraíocht mhíchuí cuideachtaí (e.g. cairtéil nó mí-úsáid ceannasachta) ina siocair le saobhadh iomaíochta. Leis an gcraobh coisctheach de na huirlisí beartais iomaíochta cuimsítear na rialacha maidir le rialú cumasc agus le státchabhair. Is é is cuspóir le rialú cumasc saobhadh a d'fhéadfaí a dhéanamh ar iomaíocht a chur ó dhoras trí mheasúnú a dhéanamh roimh ré an bhféadfadh cumasc nó táthcheangal féideartha tionchar frithiomaíoch a imirt. Is é is aidhm leis na rialacha maidir le státchabhair idirghabháil mhíchuí stáit a chosc i gcás ar bith ina ndéantar saobhadh ar iomaíocht, nó inar dóchúil go ndéanfaí saobhadh uirthi, de bharr cóir fhabhrach a thabhairt do ghnóthais nó eárnálacha ar leith, agus ina ndéantar dochar don trádáil idir na Ballstáit dá bharr. Tá tábhacht ar leith do na saoránaigh ag baint le seirbhísí poiblí ar mhaithe leis an leas eacnamaíoch i gcoitinne (SGEInna) agus, d'fhonn comhtháthú sóisialta agus críochach, ardleibhéal cáilíochta, sábháilteachta agus inacmhainneachta, agus an chóir chomhionann a chur chun cinn, bíonn siad faoi réir rialacha sonracha i gcomhthéacs na státchabhrach.

A. Toirmeasc cuimsitheach ar chomhaontuithe frithiomaíocha (Airteagal 101 CFAE)

Dá mba rud é go dtiocfadh cuideachtaí ar chomhaontú chun iomaíocht a laghdú, seachas a bheith in iomaíocht le chéile, dhéanfaí cothrom na Féinne a shaobhadh agus, ar an gcaoi sin, dhéanfaí díobháil do na tomhaltóirí agus do ghnólachtaí eile. Ar an gcúis sin, tá toirmeasc (mír 1) ar gach comhaontú idir gnóthais arb é saobhadh iomaíochta is cuspóir nó éifeacht leis agus a d'fhéadfadh difear a dhéanamh don trádáil idir na Ballstáit, agus déantar é a neamhniú go huathoibríoch (mír 2). Áirítear leis sin,

[1]Chun teacht ar an gcomhairliúchán poiblí maidir le beartas iomaíochta agus an Comhaontú Glas don Eoraip, féach: https://ec.europa.eu/competition/information/green_deal/index_en.html. Chun forléargas a fháil ar an amlíne atá beartaithe maidir le hathbhreithnithe 2019-2022 ar an mbeartas um chumasc agus in aghaidh trustaí, féach: https://ec.europa.eu/competition/antitrust/legislation/timeline_table_M_AT_final.pdf.



mar shampla, comhaontuithe sainráite (amhail cairtéil) agus cleachtaí comhbheartaithe maidir le praghsanna a shocrú nó aschur táirgeachta a laghdú, nó an margadh a roinnt ar chuideachtaí (dá ngairtear freisin clásail maidir le cosaint chríochach). Meastar i gcónaí go ndéanann na cineálacha sin comhaontuithe díobháil don iomaíocht agus, dá bhrí sin, cuirtear toirmeasc orthu gan eisceacht.

Os a choinne sin, is féidir cineálacha eile comhaontuithe a dhíolmhú, ar choinníoll go bhfuil siad ina gcuid le táirgeadh nó dáileadh earraí a fheabhsú nó le dul chun cinn teicniúil nó eacnamaíoch a chur chun cinn. Mar shampla, d'fhéadfadh leasanna eacnamaíocha suntasacha teacht as comhaontuithe maidir le comhroinnt costas nó rioscaí idir cuideachtaí, nó maidir le dlús a chur leis an nuálaíocht trí chomhar sa taighde agus san fhorbairt (R&D). Deonaítear díolúine den sórt sin ar choinníoll go dtugtar a chion féin den toradh a thagann aisti don tomhaltóir agus nach bhforchuirtear srianta nach gá leis an gcomhaontú agus nach é is aidhm leis iomaíocht a dhíothú do chuid mhór de na táirgí lena mbaineann (mír 3). Is mó a dhéantar díolúintí a rialú leis na Rialacháin Blocdhíolúintí seachas iad a dheonú de réir an cháis.

Cumhdaítear leis na rialacháin sin grúpaí de chomhaontuithe sonracha comhchosúla arb iondúil go mbíonn tionchar inchomparáide ar an iomaíocht acu. Tá athbhreithniú á dhéanamh ag an gCoimisiún faoi láthair ar an [Rialachán Ingearach Blocdhíolúine\[2\]](#) agus freisin ar an dá [Rialachán Chothrománacha Blocdhíolúine\[3\]](#) mar aon leis na treoirlínte ábhartha. Is é is aidhm leis an athbhreithniú a chinneadh an bhfuil forbairtí margaidh á gcur san áireamh go cuí leis na Rialacháin sin agus an bhfuil siad fós oiriúnach dá bhfeidhm.

Thairis sin, maidir le comhaontuithe áirithe nach gcomhlíonann na coinníollacha le haghaidh díolúine faoi Airteagal 101(3) CFAE, ní mheastar gur sárúithe iad más amhlaidh gur beag a dtábhacht agus gur beag an tionchar a imríonn siad ('comhaontuithe miontábhachta', mar a thugtar orthu) ar an margadh (an prionsabal *de minimis*). Is minc a mheastar go bhfuil na comhaontuithe sin áisiúil le haghaidh comhar idir fiontair bheaga agus mheánmhéide. Ní féidir a mheas, áfach, [gur beag an tábhacht\[4\]](#) a ghabhann le comhaontuithe arb é is 'cuspóir' leo srian a chur leis an iomaíocht.

Ag eascairt as paindéim COVID-19 a tháinig de ráig, ghlac an Coimisiún, i mí Aibreáin 2020, [Teachtaireacht maidir le Creat Sealadach](#) ina dtugtar treoir in aghaidh trustaí do chuideachtaí a bhíonn ag oibriú i gcomhar le chéile chun táirgeadh cógas ospidéil, go háirithe, a bhfuil géarghá leo sa fhreagairt ar an ngéarchéim a mhéadú agus chun soláthar na gcógas ospidéil sin a bharrfheabhsú.

B. Mí-úsáid seasaimh cheannasaigh a thoirmeasc (Airteagal 102 CFAE)

Dá mba rud é go mbainfeadh cuideachta a bhfuil seasamh láidir ('ceannasacht') aici i margadh ar leith mí-úsáid as an seasamh sin (e.g. trí phraghsanna ró-ard a ghearradh ar chustaiméirí), dhéanfaí díobháil do thomhaltóirí agus iomaitheoirí araon. Is ar an gcúis sin atá toirmeasc ar an iompraíocht sin faoi dhlí iomaíochta an Aontais. Is as ceann de na cásanna is mó le rá de mhí-úsáid seasaimh cheannasaigh a d'eascair [Cinneadh 2004 maidir le Microsoft\[5\]](#). Chonacthas don Choimisiún gur bhain Microsoft mí-úsáid as a sheasamh ceannasach i leith córais oibriúcháin ríomhairí trí fhaisnéis chriticiúil idir-inoibritheachta a choinneáil siar óna chuid iomaitheoirí, arbh é a bhí mar



thoradh air sin nach raibh córais oibriúcháin na n-iomaitheoirí in ann dul san iomaíocht go héifeachtach.

Is é is seasamh ceannasach ann 'staid eacnamaíoch láidir atá ag gnóthas a chumasaíonn dó iomaíocht éifeachtach a chosc sa mhargadh ábhartha tríd an gcumhacht a thabhairt dó feidmiú den chuid is mó go neamhspleách ar a chuid iomaitheoirí, ar a chuid custaiméirí [agus, sa deireadh, ar na tomhaltóirí](#)^[6]. Déantar seasaimh cheannasacha a mheas i ndáil leis an margadh inmheánach ina iomláine, nó i ndáil le cuid mhór de ar a laghad. Maidir lena mhéid den mhargadh a chuirtear i gcuntas, braitheann sé sin ar chineál an táirge, infhaighteacht táirgí malartacha, iompraíocht na dtomhaltóirí agus a thoilteanaí atá siad athrú agus gabháil de tháirgí malartacha. Tá athbhreithniú cuimsitheach á ullmhú ag an gCoimisiún i láthair na huaire ar a chur chuige maidir le coincheap an mhargaidh ábhartha a shainmhíniú^[7].

Ní sárú ar dhlí iomaíochta an Aontais ann féin é seasamh ceannasach agus tá sé de chead acu siúd a bhfuil an seasamh sin acu dul san iomaíocht de bhua tuillteanais, cosúil le haon chuideachta eile. Mar sin féin, cuirtear d'fhreagracht speisialta ar ghnóthas, de bharr a sheasaimh cheannasaigh, a áirithiú nach ndéanann a iompar an iomaíocht a shaobhadh. Ciallaíonn sé sin nach gá go mbeadh an t-iompar céanna neamhdhleathach dá mbeadh gnólacht neamhcheannasach ag gabháil de. Ar na samplaí d'iompar arbh ionann agus mí-úsáid seasaimh cheannasaigh iad, áirítear praghsanna a shocrú faoi bhun leibhéal an chostais (praghsáil chreachach), praghsanna iomarcacha a ghearradh, nascadh agus cuachadh, agus diúltú déileáil le piraí áirithe. Déantar foráil in Airteagal 102 CFAE do liosta neamh-uileghabhálach de shamplaí de chleachtais drochúsáide.

C. Nós imeachta um rialú cumasc

Is féidir le cumasc nó táthcheangail dul chun tairbhe do chuideachtaí agus don gheilleagar trí chéile sa mhéid gur féidir éifeachtúlachtaí, sineirgíochtaí agus barainneachtaí scála a chruthú dá mbarr. Is féidir leo an iomaíocht a lagú freisin, áfach, más rud é go dtreisiú leis an gcumhacht mhargaidh nó go méadaítear comhdhlúthacht an mhargaidh dá mbarr. Is ar an gcúis sin a chaitear athbhreithniú a dhéanamh ar chumasc agus táthcheangail áirithe agus nach féidir iad a thabhairt chun críche go dtí go dtugtar údarú.

Faoi Rialachán (CE) Uimh. 139/2004, maidir le comhchruinnithe a chuirfeadh bac suntasach ar an iomaíocht sa chómhargadh nó i gcuid shuntasach de, go háirithe trí cheannasacht a chruthú nó a neartú, ní mór a dhearbhu nach luíonn siad leis an gcómhargadh (Airteagal 2(3)). Ní mór fógra thabhairt don Choimisiún maidir le cumasc a bheartaítear dá mba rud é go sáródh an chuideachta a thiocfadh astu tairseacha áirithe ('comhchruinnithe lena mbaineann gné Chomhphobail'). Is féidir leis na húdaráis iomaíochta náisiúnta athbhreithniú a dhéanamh ar tháthcheangail faoi bhun na dtairseach sin. Tá feidhm ag na rialacha i ndáil le rialú cumasc maidir le cuideachtaí atá lonnaithe lasmuigh den Aontas má bhíonn siad i mbun gnó sa mhargadh inmheánach.

[6]Cás 27/76 CBAE, United Brands.

[7]https://ec.europa.eu/competition/consultations/2020_market_definition_notice/index_en.html



Déantar an próiseas athbhreithnithe a ghníomhachtú nuair a fhaightear smacht ar ghnóthas eile (Airteagal 3(1)). Tar éis don Choimisiún measúnú a dhéanamh ar an tionchar is dócha a bheadh ag an gcumasc ar an iomaíocht, is féidir leis é a fhorpheas nó diúltú dó, nó is féidir leis formheas a dheonú faoi réir coinníollacha agus oibleagáidí áirithe (Airteagal 8). Ní dhéantar aon ghrinnscrúdú córasach ná aon díchuachadh ina dhiaidh sin ar na cuideachtaí lena mbaineann.

In 2014, chuaigh an Coimisiún i mbun comhairliúchán ar leasuithe a d'fhéadfaí a dhéanamh ar [rialacha an Aontais maidir le rialú cumasc](#)^[8], a raibh sé mar aidhm leis feabhas a chur ar éifeachtúlacht iomlán na rialacha ar leibhéal an Aontais agus ar an leibhéal náisiúnta. Tá toradh an phróisis sin ar feitheamh i gcónaí.

D. Toirmeasc ar státchabhair (Airteagal 107 CFAE)

Tá toirmeasc ginearálta ar státchabhair in CFAE (mír 1) chun cosc a chur ar shaobhadh iomaíochta sa mhargadh inmheánach a d'fhéadfadh a bheith ann mar thoradh ar bhuntáistí roghnaitheacha a thabhairt do chuideachtaí áirithe. Tá toirmeasc ar an státchabhair dhíreach ar fad a thugann na Ballstáit (e.g. fóirdheontais neamh-inaisíochta, iasachtaí faoi théarmaí fabhracha, díolúintí ó cháin agus dleacht, agus ráthaíochtaí ar iasachtaí). Tá toirmeasc freisin ar aon bhuntáistí eile a thugtar i modh cóir fhabhrach do ghnóthais nó earnálacha ar leith agus a ndéantar saobhadh ar iomaíocht, nó ar dóchúil go ndéantar saobhadh uirthi, agus a ndéantar dochar don trádáil idir na Ballstáit dá mbarr.

Tugtar de shaoirse le CFAE díolúintí áirithe a dheonú ón toirmeasc ginearálta sin más féidir bonn cirt a thabhairt leo trí spriocanna uileghabhálacha sonracha beartais (míreanna 2 agus 3), lena dtugtar aghaidh ar shuaitheadh eacnamaíoch tromchúiseach, mar shampla, nó ar chúiseanna leas na hEorpa i gcoitinne Sampla a tháinig chun cinn le gairid is ea an Creat Sealadach maidir le bearta státchabhrach chun tacú leis an ngeilleagar i ráig COVID-19 atá ann faoi láthair^[9], a glacadh chun aghaidh a thabhairt ar shuaití eacnamaíocha tromchúiseacha arbh í an phaindéim ba chúis leo^[10]. San am atá thart, glacadh céimeanna comhchosúla i gcomhthéacs [na géarchéime airgeadais domhanda](#)^[11] chun cosc a chur ar éifeachtaí iarmharta diúltacha móra don chóras airgeadais trí chéile i ngeall ar mhainneachtain institiúide airgeadais aonair.

Tá sé de cheangal ar na Ballstáit fógra a thabhairt don Choimisiún faoi aon státchabhair a bheartaítear, mura rud é go gcumhdaítear le blocdhíolúine í (mar a leagtar amach i Rialachán (CE) Uimh. 800/2008) nó go bhfuil feidhm ag an bprionsabal de minimis. Ní féidir an beart státchabhrach a chur chun feidhme mura rud é gur thug an Coimisiún a fhorpheas. Tá sé de chumhacht ag an gCoimisiún freisin státchabhair neamh-chomhoiriúnach a aisghabháil. Mheas an Coimisiún i roinnt cinntí gurb ionann cóireáil fhabhrach cánach do chuideachtaí aonair áirithe i roinnt Ballstát agus státchabhair thoirmeasctha, agus nach mór aisíocaíocht a éileamh ina leith. In 2016, mar shampla, thug an Coimisiún treoir d'Éirinn íocaíocht EUR 13 bhilliún i gcánacha a lorg ar Apple. Rinne Apple agus údaráis na hÉireann agóid i gcoinne an chinnidh agus tá cás cúirte ar feitheamh.

[9] [Leagan comhdhlúite den chreat](#)

[10] Chun tuilleadh faisnéise a fháil, féach: https://ec.europa.eu/competition/state_aid/what_is_new/covid_19.html



E. Seirbhísí poiblí ar mhaithe leis an leas eacnamaíoch i gcoitinne (SGEInna)

I roinnt Ballstát, tá seirbhísí bunriachtanacha áirithe (e.g. leictreachas, an post agus iompar ar iarnród) á gcur ar fáil i gcónaí ag gnóthais phoiblí nó ag gnóthais atá faoi smacht na n-údarás poiblí. Meastar gur seirbhísí poiblí ar mhaithe leis an leas eacnamaíoch i gcoitinne (SGEInna) iad na seirbhísí sin agus bíonn siad faoi réir rialacha sonracha i gcomhthéacs chreat an Aontais maidir le stáitchabhair. Is gníomhaíochtaí eacnamaíocha iad SGEInna lena ngabhann tábhacht ar leith do na saoránaigh agus nach mbeadh ann dóibh, nó nach mbeadh ann dóibh ar a laghad i bhfoirm seirbhís inacmhainne atá ar fáil do chách ar bhonn neamh-idirdhealaitheach, de dheasca fórsaí margaidh amháin. Cuirtear béim in CFAE ar a thábhachtaí atá na seirbhísí sin, ar a gcineál éagsúil, ar an sciar maith rogha atá ag údaráis náisiúnta, réigiúnacha agus áitiúla, agus ar phrionsabal na rochtana uilíche. In Airteagal 36 den Chairt um Chearta Bunúsacha freisin, tugtar aitheantas don rochtain ar SGEInna ba cheart a bheith ag saoránaigh na hEorpa d'fhonn comhtháthú sóisialta agus críochach laistigh den Aontas a chur chun cinn.

FORFHEIDHMIÚ

Is den rithábhacht é rialacha iomaíochta an Aontais a fhorfheidhmiú go dian agus go héifeachtach chun a áirithiú go mbaintear cuspóirí an bheartais iomaíochta amach. Is é an Coimisiún an príomhchomhlacht atá freagrach as cur i bhfeidhm ceart na rialacha sin a áirithiú agus tá cumhachtaí fadréimseacha iniúchta agus forfheidhmithe aige.

Thairis sin, ón 1 Bealtaine 2004, chuaigh údaráis iomaíochta na mBallstát i mbun roinnt feidhmeanna forfheidhmithe iomaíochta i gcomhthéacs gníomhaíochtaí in aghaidh trustaí. Le Rialachán (CE) Uimh. 1/2003 ón gComhairle ceadaíodh ról treisithe forfheidhmithe do na húdaráis náisiúnta in aghaidh trustaí agus do na cúirteanna, agus treisíodh leis an ról sin arís le [Treoir \(AE\) 2019/1\[12\]](#). Tá comhar éifeachtúil idir na húdaráis forfheidhmithe iomaíochta náisiúnta agus Eorpacha fíorthábhachtach i gcomhthéacs sin an fhorfheidhmithe dhíláráithe. Dá bhrí sin, fónann an Gréasán Eorpach Iomaíochta (ECN), atá comhdhéanta de na húdaráis iomaíochta náisiúnta agus an Coimisiún, mar ardán le haghaidh malartú faisnéise arb é is aidhm leis an comhar i bhforfheidhmiú rialacha iomaíochta a fheabhsú.

Sa réimse in aghaidh trustaí, glacadh an [Treoir maidir le Caingne i leith Damáistí\[13\]](#) in 2014 chun an éifeacht dhíspreagthach i gcoinne comhaontuithe faoi thoirmeasc a mhéadú (cairtéil agus mí-úsáid a bheith á baint as seasamh ceannasach) agus chun cosaint níos fearr a thabhairt do na tomhaltóirí. Éascaítear léi an próiseas chun cúiteamh a fháil i leith díobháil arna déanamh do na saoránaigh nó do ghnólachtaí eile de bharr sárú ar dhlí na hiomaíochta.

RÓL PHARLAIMINT NA HEORPA

Is é príomhról na Parlaiminte sa bheartas iomaíochta grinnscrúdú a dhéanamh ar an bhfeidhmeannacht. Roinnt uaireanta in aghaidh na bliana, tagann an Coimisinéir atá freagrach as an iomaíocht os comhair an Choiste um Ghnóthaí Eacnamaíochta agus



Airgeadaíochta (ECON) sa Pharlaimint chun míniú a thabhairt ar an gcur chuige a glacadh agus chun cinntí aonair a phlé.

Maidir le reachtaíocht i ndáil leis an mbeartas iomaíochta a ghlacadh, de ghnáth ní bhíonn baint ag an bParlaimint ach amháin tríd an nós imeachta comhairliúcháin. Dá bhrí sin, tá a tionchar teoranta i gcomparáid le tionchar an Choimisiúin agus tionchar na Comhairle. Tá sé iarrtha ag an bParlaimint, roinnt uaireanta, go ndéanfaí an gnáthnós imeachta reachtach a leathnú le go gcumhdódh sé dlí na hiomaíochta, mar shampla ina rúin bhliantúla maidir leis an Tuarascáil Bhliantúil ón gCoimisiún ar an mBeartas Iomaíochta.

Go deimhin, cuireadh an gnáthnós imeachta reachtach i bhfeidhm le déanaí chun na treoracha thuasluaite maidir le caingne i leith damáistí agus le bearta chun údarais iomaíochta na mBallstát a neartú. Bhí an Pharlaimint (agus ECON ina choiste freagrach) ina chomhreachtóir sa dá chás. Bhí fonn ar na Feisirí a áirithiú go dtabharfaí cúiteamh iomlán do na tomhaltóirí i leith damáistí a bhain dóibh, ach d'fhéach siad freisin le róchúiteamh a sheachaint. Agus leas na dtomhaltóirí á chur san áireamh acu arís, d'éirigh leo a áirithiú go ndéanfaí cinntí ó na húdarais iomaíochta náisiúnta a mheas mar fhianaise *prima facie* ar shárú ar dhlí na hiomaíochta. Leag siad béim freisin ar a thábhachtaí atá sé go bhféadfadh na húdarais iomaíochta urghairí eatramhacha a eisiúint in imeachtaí iomaíochta.

Le linn an ochtú téarma parlaiminteach, rinne an Coiste Speisialta um Rialuithe Cánach agus Bearta eile atá Comhchosúil ó thaobh Cineáil agus Éifeachta (TAXE 1, TAXE 2 agus TAXE 3) anailís ar na bearta a rinneadh chun measúnú a dhéanamh ar chomhoiriúnacht rialuithe cánach sna Ballstáit le rialacha maidir le státhabhair, agus ar an bhféidearthacht soiléiriú breise a thabhairt ar na rialacha maidir le faisnéis a mhalartú go frithpháirteach.

Leanann an Pharlaimint d'fhaireachán a dhéanamh ar fhorbairtí sa bheartas iomaíochta agus ar obair an Choimisiúin sa réimse sin. A bhuí le Meitheal tiomnaithe ECON um an mBeartas Iomaíochta agus le rúin bhliantúla na Parlaiminte maidir leis an Tuarascáil Bhliantúil ón gCoimisiún ar an mBeartas Iomaíochta, soláthraítear ionchur beartais agus treoir do dhearcadh na Parlaiminte maidir le haghaidh a thabhairt ar dhúshláin an bheartais iomaíochta atá le sárú ag an tsochaí seo againne.

Radostina Parenti
12/2020

